



Teideal:	Bainisteoir Oibríochtaí Corparáideacha
Fostóir:	An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
Leibhéal:	Oifigeach Riaracháin (Grád 7)
Scála	Tuarastail: €61,217 (Leibhéal Iontrála) – €79,583
Áit:	Tá a mhéid le Cianobair 60% ar Fáil
Dáta deiridh:	14 Meán Fómhair 2026 ag 12 meán lae

CÚLRA ÚRCTC

Is é Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) rialálaí neamhspleách na hÉireann do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna), arna bhunú faoi Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019.

Is é ár ról tionóntaí a chosaint, infheistíocht phoiblí a chosaint agus muinín a chur chun cinn san earnáil trí rialáil éifeachtach, chuí agus bunaithe ar riosca. Coinnímid clár reachtúil na CTCanna, déanaimid measúnú ar chomhlíonadh maidir le caighdeáin rialála, déanaimid faireachán ar fheidhmíocht CTC agus déanaimid gníomh rialála cuí nuair is gá.

Agus ÚRCTC ag leanúint de bheith ag forbairt mar rialálaí nua-aimseartha, táimid tiomanta do rialáil ardchaighdeáin, fianaisebhunaithe a sholáthar a thacaíonn le hearnáil na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe atá dea-rialaithe, athléimneach ó thaobh airgeadais de agus inbhuanaithe

SAINCHUNTAS POIST

Tá ÚRCTC ag iarraidh iarratas ar an bpost mar Bhainisteoir Oibríochtaí Corparáideacha (Grád 7, Oifigeach Riaracháin). Is ról lárnach é seo laistigh den eagraíocht, a chuireann deis ar fáil cur le reachtáil éifeachtach de rialálaí náisiúnta in earnáil atá dinimiciúil agus síorathraitheach.

Freagrach don Cheannasaí Oibríochtaí Corparáideacha agus ag oibriú go dlúth leis an bhfoireann Oibríochtaí Corparáideacha, lena n-áirítear speisialtóirí AD agus Soláthair, tacóidh an Bainisteoir Oibríochtaí Corparáideacha le comhordú agus soláthar príomhfheidhmeanna corparáideacha ar fud na heagraíochta. Áirítear leo sin airgeadas, riarachán, buiséadú, párolla, soláthar, tacaíocht iniúchta agus bainistíocht saoraidí.

Tá maoirseacht airgeadais, comhordú oibríochta, comhlíonadh agus maoirseacht foirne i gceist leis an ról seo, le béim ar a chinntiú go bhfuil oibríochtaí corparáideacha éifeachtach, dea-bhainistithe agus go gcuirtear feabhas orthu i gcónaí.

Beidh an ról éagsúil agus teagmhálach seo oiriúnach do dhuine atá eagraithe agus dírithe ar réitigh agus ar thorthaí.

Beidh an t-iarrthóir rathúil freagrach as caidrimh oibre láidre a fhorbairt agus a chothú le réimse soláthraithe seirbhíse 3ú páirtí agus as bainistíocht conartha na seirbhísí corparáideacha soláthair.

PRÍOMHDHUALGAIS agus PRÍOMHFHREAGRACHTAÍ

Is iad seo a leanas na príomhdhualgaís agus na príomhfhreagrachtaí:

Riarachán Airgeadais agus Tacaíocht Buiséid: Tacú leis an bpróiseasbainistíochta buiséid lena n-áirítear rannpháirtíocht maidir le hullmhú an bhuiséid bhliantúil. Faireachán agus anailís a dhéanamh ar chaiteachas corparáideach ar fud gach cainéal íocaíochta agus maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú caiteachais conarthaí i gcomhréir le gníomhaíocht soláthair.

Timthriall íocaíochta soláthraí ó sholáthar go híoc a bhainistiú lena n-áirítear foréileamh agus rialaithe ceannaigh, creidiúnaí agus bainistíocht fabhrúithe.

Rialaithe airgeadais cuí a bhainistiú agus a chothabháil agus a chinntiú go gcloítear le beartais airgeadais chorparáideacha.

Riarachán Párolla: Maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas párolla, agus a chinntiú go bhfuil cruinneas, tapúlacht, agus comhlíonadh iomlán le gach riachtanas párolla agus pinsin ábhartha.

Soláthar: Oibriú chun tacú leis an Speisialtóir Soláthair chun caiteachas conartha corparáideach a bhainistiú agus dea-chleachtas a chur chun cinn.

Iniúchadh Inmheánach agus Seachtrach: Tacú le cláir iniúchta bhliantúla seachtracha agus inmheánacha a sholáthar, lena n-áirítear cáipéisíocht iniúchta a ullmhú le hiniúcháirí, agus moltaí iniúcháireachta a chur i bhfeidhm ar bhonn tráthúil.

Comhordú Oibríochtúil: Gníomhaíochtaí oibríochtaí corparáideacha laethúla a chomhordú, oibriú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus soláthraithe seirbhíse seachtracha chun soláthar seirbhíse éifeachtach a chinntiú. Conarthaí oibríochtaí corparáideacha a bhainistiú de réir bheartais soláthair ÚRCTC.

Tuairisciú agus Bainistíocht Eolais: Taifid, doiciméid nós imeachta, tuarascálacha agus eolas bainistíochta a ullmhú agus a chothabháil chun tacú le maoirseacht agus cinnteoireacht.

Bainistíocht Daoine: Foireann bheag airgeadais agus riaracháin a bhainistiú chun a chinntiú go ndéantar obair ardchaighdeán agus go dtacaítear le timpeallacht foirne chomhoibríoch. Úsáid éifeachtach an Chórais Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta a chinntiú.

Feabhsú Córas agus Próisis: Tacú le feabhsúcháin ar chórais, ar phróisis agus ar bhealaí oibre agus iad a aithint ar fud seirbhísí corparáideacha.

Dualgais Eile: Tabhairt faoi aon dualgais eile de réir mar a ordóidh an Ceannasaí Oibríochtaí Corparáideacha nó an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, i gcomhréir le leibhéal agus cineál an ról.

CRITÉIR CHÁILITHEACHTA

Ní mór d'iarrthóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh sula gceapfar iad:

- Cáilíocht tríú leibhéal ábhartha (Leibhéal 7 CNC ar a laghad) nó cáilíocht ghairmiúil atá ábhartha don ról in Airgeadas, Gnó, Bainistíocht nó Riarachán Poiblí

CRITÉIR FHÍOR-RIACHTANACHA:

- 3 bliana de thaithí ábhartha ar a laghad i ról maidir le hoibríocht chorparáideach, airgeadas, riarachán, nó tacaíocht oibríochtúil.
- Taithí ar thacaíocht a thabhairt do bhainistiú buiséid agus faireachán caiteachais, agus an cumas anailís a dhéanamh ar fhaisnéis airgeadais chun bonn agus taca a chur faoi chinnteoireacht.
- Scileanna pleanála agus eagraíochtúla láidre, leis an gcumas tosaíochtaí comhsháraitheacha a bhainistiú agus spriocdhátaí a bhaint amach.
- Cumas cruthaithe comhoibriú ar fud foirne agus caidrimh oibre láidre a fhorbairt le soláthraithe seirbhíse seachtracha.

TAITHÍ INMHIANAITHE:

- Taithí ar riarachán párolla nó maoirseacht ar phróisis párolla.
- Taithí ar dhaoine a threorú agus a bhainistiú
- Taithí ar rannpháirtíocht iniúchóireachta a bhainistiú nó tacú léi agus ar mholtaí iniúchóireachta a chur i bhfeidhm
- Bainistíocht tionscadail
- Eolas ar chomhthéacsanna rialála tithíochta, seachbhrabúsacha, airgeadais nó earnála poiblí.

Ní mór údarú neamhchoinníollach a bheith ag iarrthóirí chun cónaí agus oibriú in Éirinn.

PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT ÉIFEACHTACH AG AN nGRÁD SEO

Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar

- Sainaithearnáil agus cuirtear chun cinn tionscnaimh go réamhghníomhach a bhfuil tionchar acu maidir le rialachas, riosca agus comhlíontacht.

- Soláthraítear torthaí go héifeachtúil agus go héifeachtach, agus cinntítear go mbaintear cuspóirí amach laistigh d'amlínte socraithe.
- Déantar obair agus acmhainní a phleanáil agus tugtar tús áite dóibh ar bhonn éifeachtach laistigh den fhoireann.
- Pleananna cuimsitheacha oibríochtúla agus foirne a fhorbairt.
- Bainistíonn agus spreagann sé/sí an fhoireann chun daoine aonair a fhorbairt agus chun feidhmíocht a uasmhéadú.

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

- Forbraíonn agus cothaíonn sé/sí caidrimh oibre atá dearfach, táirgiúil agus tairbheach, cothaíonn sé/sí timpeallacht foireann-bhunaithe.
- Cuireann sé/sí eolas i láthair go soiléir, go gonta agus go muiníneach ó bhéal agus i scríbhinn le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha
- Déanann sé/sí cumarsáid shoiléir agus áititheach chun muinín a chothú agus dul i gcion ar dhaoine eile beart a dhéanamh.

Breithiúnas, Anailísiú agus Cinnteoireacht

- Déanann sé/sí cinntí tráthúla eolasacha éifeachtacha agus léiríonn sé/sí breithiúnas maith agus cothromaíocht agus cinntí nó moltaí á ndéanamh aige/aici a thagann le spriocanna na heagraíochta.
- Déanann sé/sí cinntí tráthúla feasacha éifeachtacha agus léiríonn sé/sí breithiúnas maith agus cothromaíocht agus cinntí nó moltaí á ndéanamh aige/aici a thagann le spriocanna na heagraíochta.
- Cuireann sé/sí ceisteanna corparáideacha níos leithne, cláir, íogaireachtaí, agus impleachtaí gaolmhara ar bith san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici.

Eolas Speisialtóra

- In ann torthaí oibríochtúla ardchaighdeán láidre a bhaint amach trí smaointeoireacht straitéiseach, a chuireann le feabhsúcháin chorparáideacha
- In ann torthaí oibríochtúla ardchaighdeán láidre a bhaint amach trí smaointeoireacht straitéiseach, rud a chuireann le feabhsúcháin chorparáideacha
- In ann caidrimh oibre dhearfacha a fhorbairt agus a chothú agus dul i gcion ar pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a gcomhspricanna a bhaint amach
- Cuireann sé/sí a c(h)uid eolais i bhfeidhm chun rioscaí a shainiú, próisis a fheabhsú agus tacú le héifeachtúlacht eagraíochtúil.

SCÁLA PÁ

Scála Oifigeach Riaracháin (Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin) amhail an 1 Meitheamh 2026.

Oifigeach Riaracháin Grád 7 – €61,217 – €62,716 – €64,464 – €66,219 – €67,973 – €69,541 – €71,146 – €72,702 – €74,253 – €76,910 BFS¹ – €79,583 BFS²

¹ I ndiaidh 3 bliana de sheirbhís shásúil ar a mhéad.

² I ndiaidh 6 bliana de sheirbhís shásúil ar a mhéad.

Nóta Tábhachtach

Ar aon dul le beartas an Rialtais, ceapfar na hiontrálaithe nua go léir ar an gcéad phointe den scála pá. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme go díreach roimh an gceapachán, más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís é/í an t-iarrthóir rathúil.

INCHÁILITHEACTH CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith:

- a. Ina s(h)aoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- b. Ina s(h)aoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
- c. Ina s(h)aoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- d. Ina s(h)aoránach neamh-LEE a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- e. Duine dár dámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015, nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- f. Ina s(h)aoránach neamh-LEE ar tuismitheoir linbh chleithiúnaigh é nó í ar saoránach de chuid bhallstát LEE é nó í, agus a chónaíonn i mballstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici

OBAIR CHUMAISIC

Tá ÚRCTC tiomanta do sheachadadh den scoth maidir lenár réimse leathan seirbhísí agus do cháilíocht ár seirbhís do chustaiméirí. Sa chomhthéacs seo, tá beartas oibre cumaisc curtha i bhfeidhm ag ÚRCTC agus ár dtiomantas á choinneáil againn do sheachadadh seirbhísí ar an gcaighdeán is airde. Tá gach fostaí i dteideal iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc a mhéid le cianobair 40% sa tréimhse phromhaidh agus 60% tar éis go n-éireoidh leo an promhadh a chur i gcrích go rathúil.

UAIREANTA FREASTAIL

Is iad na gnáthuaireanta gnó don ÚRCTC ná 9in go 5rn, ó Dé Luain go Dé hAoine.

SAOIRE BHLIANTÚIL

Is é 25 lá an tsaoire bhliantúil don ról seo, a mhéadófar le himeacht ama ag brath ar sheirbhís. Tá sé sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl laethanta saoire poiblí reachtúla san áireamh ann.

SOCHAIR EILE MAIDIR LE BHEITH AG OBAIR DON ÚRCTC

- Post buan inphinsin
- Tuarastal earnála poiblí agus ardú pá ar bhonn incriminteach ag baint leis (scála Ghrád 7)
- Uaireanta oibre solúbtha laistigh de theorainneacha sainithe
- Deiseanna forbartha pearsanta trí oideachas acadúil atá urraithe ag fostóirí, saoire staidéir íoctha agus cláir oiliúna agus forbartha inmheánacha.
- Timpeallacht oibre dhinimiciúil agus idirghníomhach
- Deiseanna dul chun cinn gairme
- Éascú ticéad taistil Coigiltis Cánach agus Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
- Páirceáil ar an láthair le haghaidh rothar
- Oifig nua-aimseartha i lár na cathrach, suite in aice le Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, atá inrochtana go héasca ar an DART, agus go leor bealaí bus

AOISLIÚNTAS, SCOR AGUS SEIRBHÍSIGH PHOIBLÍ ROIMHE SIN

Braitheann an aois íosta ag a mbeidh pinsean iníoctha ar rialacha na scéime pinsin is infheidhme.

Aois Scoir: cinnfear í sin i gcomhréir leis na scéimeanna pinsin ábhartha agus na ciorcláin ábhartha ó ranna rialtais.

AN PRÓISEAS ROGHNAITHE

Conas Iarratas a Dhéanamh

Comhlánaigh an fhoirm iarratais ina hiomláine agus cuir isteach í tríd an tairseach iarratais ar líne [An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe](#) faoin **14 Meán Fómhair 2026 ag 12 meán lae.**

Tá clár earcaíochta agus iarratais ÚRCTC tacaithe ag Sigmar Teo. Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son. Ba chóir aon cheisteanna a dhíriú chuig ahbrajobs@sigmar.ie.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an bPróiseas Roghnaithe:

- Triail mhianaigh
- Eolas Teicniúil nó cleachtadh bunaithe ar scileanna
- Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an eolas atá ina bhfoirm iarratais
- Agallamh tosaigh/réamhagallamh
- Cur i láthair nó cleachtaí eile
- Agallamh iomaíoch deiridh
- Aon tástáil nó cleachtadh eile a mheastar a bheith iomchuí

Ina theannta sin, ní mór d'iarrthóir a n-éiríonn leis/léi a bheith ceart go leor de réir leighis chun dul i mbun an cheapacháin.

Seolfaidh ÚRCTC próiseas gearrliostaithe. Sa phróiseas sin, roghnófar roinnt iarrthóirí lena gcur faoi agallamh ar iarrthóirí iad, bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais, ar dócha gurb iad na hiarrthóirí is oiriúnaí don phost. Scrúdóidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais de réir critéir réamhchinnte bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hionann sin agus a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó éagumasach chun tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí a dhealraíonn sé go bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu nó go bhfuil taithí ábhartha níos fearr acu, bunaithe ar a bhfoirm iarratais. Is ar mhaithe leat féin atá sé mar sin cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/taithí ar an bhfoirm iarratais.

Má dhiúltaíonn duine dá ndéantar tairiscint dó/di, nó má dhiúltaíonn sé/sí é tar éis dó/di an post a ghlacadh, nó má thagann aon fholúntas breise chun cinn, féadfaidh ÚRCTC, dá rogha féin, iarrthóirí ón bpróiseas seo a mheas lena gceapadh chuig aon fholúntas comparáideach eile laistigh de thréimhse dhá mhí déag.

Tá ÚRCTC tiomanta do bheartas comhdheise.

DÁTA DEIRIDH

Ní mór go gcuirfear d'iarratas isteach tríd an tairseach iarratais ar líne [an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe \(ahbrajobs.com\)](#) faoin **14 Meán Fómhair 2026 ag 12 meán lae.**

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig ón iarratas a chur isteach, téigh i teagmháil le ahbrajobs@sigmar.ie. Eiseofar nuashonruithe feachtais chuig do sheoladh ríomhphoist cláraithe, mar a iontráladh é ar an tairseach iarratais ar líne.

Moltar duit do ríomhphoist a sheiceáil ar bhonn rialta le linn an chomórtais agus tú a bheith cinnte, ina dteannta sin go seiceálann tú fillteáin dramhaíola/turscair más trí dhearmad a dhéantar aon ríomhphost a scagadh.

NA hACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ, 1988, 2003 AGUS 2018

Soláthraíonn Sigmar Recruitment Teo., ina cháil mar Phróiseálaí Sonraí, seirbhísí earcaíochta thar ceann an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC), an Rialaitheoir Sonraí. Cruthóidh Sigmar taifead i d'ainm, ina mbeidh faisnéis phearsanta a sholáthair tú. Ní úsáidtear an taifead sin ach chun d'iarrthóireacht a bhreithniú agus a mheas amháin, agus má éiríonn leat, cuirfear do chuid son sonraí pearsanta ar aghaidh chuig ÚRCTC. Tá próiseáil sonraí pearsanta faoi réir na gcearta agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2013 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Faoin RGSC, tá ábhair shonraí a bpróiseálann ÚRCTC a gcuid sonraí i dteideal cearta áirithe a fheidhmiú maidir lena sonraí pearsanta. Is féidir leat iarratas a dhéanamh chun aon cheann de na cearta sin a fheidhmiú saor in aisce trí theagmháil a dhéanamh leis an OCS ag dpo@ahbregulator.ie. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh a bpróiseálann ÚRCTC sonraí pearsanta, féach ar ár Ráiteas Príobháideachais le do thoil: <https://www.ahbregulator.ie/legal-compliance/privacy-statement/>

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin dóigh a bpróiseálann Sigmar do chuid sonraí pearsanta, féach an Ráiteas Príobháideachais: <https://www.sigmarrecruitment.com/privacy-statement>.

Mura bhfuil tú sásta le láimhseáil iarratais ar Chosaint Sonraí a dhéanann tú le ÚRCTC, nó má chreideann tú go bhfuiltear ag teip ar ÚRCTC maidir lena chuid oibleagáidí um chosaint sonraí, déan teagmháil le OCS ÚRCTC le do thoil.

Tabhair faoi deara go bhfuil an ceart agat freisin gearán a chur isteach chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí: <https://forms.dataprotection.ie/contact>.